Rinne An tAire Mara athcheapachán ar thriúr ball reatha den Bhord, Mr Mario Minehane, Mr Seán Murphy agus Mr Lorcán Ó Cinnéide, ag tosú ó 1 Eanáir 2005 ar feadh tréimhse trí bliana go dtí 31 Nollaig 2007. I mí na Nollag 2004, d'fhógair an tAire Mara leis go raibh Mr Damien McDonald, Ms Karin Dubsky agus Ms Mary Mac Mahon ceaptha ar feadh tréimhse dhá bhliain ó 1 Eanáir 2005, ag teacht in áit na mball cheanntearma.

BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS GINEARÁLTA

CATHAOIRLEACH * MR CONLETH BRADLEY

LEAS-CHATHAOIRLEACH FOLÚNTAS

GNÁTHBHAILL

MR MARIO MINEHANE

MR SEÁN MURPHY

MR LORCÁN Ó CINNÉIDE

+ MS MARY MAC MAHON

+ MS KARIN DUBSKY

+ MR DAMIAN MCDONALD

* Ceaptha ag an Rialtas ar feadh tréimhse cúig bliana, ag tosú ar 17 Iúil 2003.

Ceaptha ag an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an tUasal John Browne, T.D. le haghaidh tréimhse ó 04 Nollaig 2003 go dtí 31 Nollaig 2004. I mí na Nollag 2004, d'fhógair an tUasal Pat the Cope Ó Gallachóir, T.D., go raibh siad athcheaptha, ar feadh tréimhse trí bliana ag tosú ó 1 Eanáir 2005.

+ Cheap an tAire Stáit Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an tUasal Pat the Cope Ó Gallachóir, T.D., an triúr ball eile, Mary Mac Mahon, Karin Dubsky agus Damian McDonald, ar feadh tréimhse dhá bhliain ó 1 Eanáir 2005 go dtí 31 Nollaig 2006.

RÚNAÍ Ms Carol Lodola
Mr Brendan Byrne, ag tosú ó mhí na Nollag 2005

OIFIG CHLÁRAITHE

3ú hUrlár
Teach Holbrook
Sráid Holles
Baile Átha Cliath 2

NA HINIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste
Foirgneamh an Stáitchiste
Caisleán Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

SEOLADH IDIRLÍN www.alab.ie
RÍOMHPHOST info@alab.ie

FÓTAGRAIF DE BHAILL AN BHOIRD



Conleth Bradley
Cathaoirleach



Mario Minehane
Ball



Seán Murphy
Ball



Mary Mac Mahon
Ball



Lorcán Ó Cinnéide
Ball



Karin Dubsy
Ball



Damian McDonald
Ball

AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

Tá roinnt eolais ghinearálta anseo thíos maidir leis an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'fhoillíodh teacht ar léirtheiscint a fháil ar oibriúchán an phróisis achomhairc chomh maith leis an gcóras ceadúnúcháin ba chóir tagairt a dhéanamh *inter alia* don Acht lascaigh (Leasú) 1997, don Acht lascaigh agus Imeall Trá (Leasú), 1998, do na Rialacháin um Dhobharshaothrú (larratas Ceadúnúcháin), 1998, don Acht lascaigh (Leasú), 2001.

BUNÚ AN BHOIRD

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht lascaigh (Leasú), 1997. Tá Baill uile an Bhoird ag feidhmiú ar bhonn páirtaimseartha.

FEIDHM

Is í feidhm an Bhoird ná a bheith ina údarás neamhspleách le cinntí a dhéanamh ar achomhairc in aghaidh cinntí an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha maidir le hiarratais ar cheadúnais um dhobharshaothrú. Féadfaidh duine éagóraithe ag cinneadh an Aire maidir le hiarratas ceadúnúcháin, nó maidir le cúlghairm nó leasú ar cheadúnas um dhobharshaothrú, achomharc a dhéanamh laistigh de mhí ón bhfoilsíú (i gcás cinnidh) nó ón bhfógairt (i gcás cúlghairme/leasaithe).

STÁDAS

Comhlacht neamhspleách is ea an Bord lena chiste féin curtha ar fáil ag an Oireachtas faoi Alt 36 den Acht.

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Mar a fhoráiltear faoi Alt 23 den Acht lascaigh (Leasú), 1997, tá Cathaoirleach agus seisear Ball eile ar an mBord. Cheap an Rialtas an Cathaoirleach, an tUasal Conleth Bradley, abhcóide i mbun cleachtais, le haghaidh tréimhse cúig bliana, ag tosú ar an 17 Iúil 2003.

Níor líonadh post an Leas-Chathaoirligh i 2005.

Tá Mr Mario Minehane, Mr Sean Murphy agus Mr Lorcán Ó Cinnéide ar an mBord ó 4 Nollaig 2003. I mí na Nollag 2004 d'fhógair an tAire Mara a n-athcheapacháin, ar feadh tréimhse trí bliana ag tosú ó 1 Eanáir 2005.

I mí na Nollag 2004, d'fhógair an tAire Mara chomh maith, ceapachán Mr Damian McDonald, Ms Karin Dubsy agus Ms Mary Mac Mahon ar feadh tréimhse dhá bhliain ag tosú ó 1 Eanáir 2005, ag teacht in áit na mball cheanntearma.

AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

De réir *Ailt 23(3)* den Acht, chuir an tAire Mara agus Acmhainní Nádurtha Rialacháin le chéile ag forordú ionadaithe ó dhá eagraíocht ar laghad de na grúpaí seo a leanas:

- (a) eagraíochtaí atá i mbun forbairt dhobharshaothraithe a chur chun cinn nó atá ionadaíoch do dhaoine atá i mbun an ghnó ag forbairt dobhharshaothraithe;
- (b) eagraíochtaí atá i mbun caomhnú, forbairt agus cosaint iascach fhiáine;
- (c) eagraíochtaí ionadaíoch do dhaoine a mbaineann a ngairmeacha nó a slite beatha le planáil agus forbairt fhisiciúil;
- (d) eagraíochtaí ionadaíoch do dhaoine atá i mbun cosaint agus caomhnú an chomhshaoil agus na dtaitneamhachtaí;
- (e) eagraíochtaí ionadaíoch do dhaoine atá i mbun na forbartha eacnamaíochta i gcoitinne a chur chun cinn agus
- (f) eagraíochtaí ionadaíoch do dhaoine atá i mbun forbartha pobail a chur chun cinn.

FREAGRACHTAÍ

Tá achoimre de phríomhfhreagrachtaí agus cumhachtaí an Bhoird thíosluaite:

Faoi *Alt 40(4)* den Acht, nuair a fhaigheann an Bord achomharc, agus ar an gcoinníoll nach ndéantar tarraingt siar air, féadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh faoin achomharc mar seo a leanas:

- (a) Cinneadh nó gníomhaíocht an Aire a dheimhniú
- (b) Cinneadh a dhéanamh faoin iarratas ar cheadúnas amhail is gur chuig an mBord a rinneadh an t-iarratas sa chéad áit, nó
- (c) maidir le cúlghairm nó leasú cheadúnais, a chinneadh féin a chur in áit chinneadh an Aire;

Faoi na *hAilt 43 agus 44* den Acht, ní mór don Bhord cóip den fhógra achomhairc a chur chuig an Aire agus chuig gach páirtí eile leasmhar san achomharc.;

Faoi *Alt 46* den Acht, féadfaidh an Bord aighneachtaí nó tuairimí a fháil ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a chuir

AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

aighneachtaí nó tuairimí faoi bhráid an Bhoird cheana maidir leis an achomharc más dóigh leis an mBord agus in imthosca sin, gur ar mhaithe leis an gceartas é sin a dhéanamh.

Faoi *Alt 47* den Acht, féadfaidh an Bord éileamh a dhéanamh ar dhoiciméid, ar shonraí nó ar eolas eile a cheapann sé a bheith riachtanach le gur féidir leis cinneadh a dhéanamh ar achomharc;

Faoi *Alt 49* den Acht, tá rogha iomlán ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól ar achomharc;

Faoi *Alt 56* den Acht, cinnteoidh an Bord go ndéileáiltear le hachomhairc agus go ndéantar cinnidh ina dtaobh chomh tapaigh agus is féidir agus go nglactar gach céim chuí le moill nach gá a sheachaint.

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi *Alt 35* den Acht, féadfaidh an Bord an méid sainchomhairleoirí agus comhairleoirí gur dóigh leis a bheith riachtanach a fhostú lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Íocann an Bord táillí dlite leo as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Bhí Ms Helen Cooper ag obair mar Chigire Teicniúil ó 3 Meán Fómhair go nuige seo.

RÚNAÍOCHT

Faoi *Alt 32* den Acht, feidhmeoidh oifigeach de chuid an Aire, a bhfuil ina státseirbhíseach bunaithe agus a bhfuil ar iasacht chuig an mBord chun na críche sin, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, mar Rúnaí don Bhord.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN BHOIRD I 2005

ACHOMHAIRC A FUARTHAS

Bhain 18 as 21 achomharc a fuarthas i 2004 le deonadh ceadúnas do shaothrú diúilicíní, 2 cheann le hoisrí agus ceann amháin le breac dea-dhathach. Bhain an 17 n-achomharc a fuarthas le 4 chinneadh ceadúnais Aireachta as iomlán de 36 chinneadh Aireachta a rinneadh i 2005.

I 2005, fuair an Bord 17 n-achomharc san iomlán. Ach, chomh maith leis an 17 n-achomharc a fuarthas i 2005 bhí 3 achomharc san iomlán fós le cinneadh a dhéanamh orthu ó 2004, rud ab ionann agus 20 achomharc san iomlán le cinneadh a dhéanamh orthu.

Le blianta beaga anuas bhí moill ann maidir le próiseáil a dhéanamh ar roinnt achomharc de bharr, mar shampla, ceisteanna a thagann aníos maidir le stádas na n-iarratasóirí le haghaidh ceadúnas. Tá an Bord den tuairim gur ceisteanna iad seo ar chóir déileáil leo agus tabhairt fúthu sa chéad chuid de phróiseas an iarratais agus roimh achomhrac ar bith.

ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

De réir Ailt 73 den Acht lascaigh (Leasú), 1997, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh le haghaidh athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar chinntí an Bhoird mar iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, ar an gcoinníoll go ndéantar é laistigh de thrí mhí ag tosú ar an dáta a raibh an cinneadh déanta.

Ní raibh aon iarratas nua le haghaidh athbhreithnithe bhreithiúnaigh sa bhliain 2005.

ACHOIMRE NA gCINNTE

Fuair an Bord 17 n-achomharc san iomlán sa bhliain 2005. Bhain siad le cinneadh ón Aire le 4 cheadúnas um dhobharshaothrú a bhronnadh; ceadúnas amháin muiríní, ceadúnas amháin le haghaidh diúilicíní agus oisrí, agus dhá cheadúnas le haghaidh oisrí an Aigéin Chiúin.

Chomh maith leis sin tugadh 3 achomharc ar aghaidh ó 2004 agus rinne an Bord cinneadh orthu sa bhliain 2005. Bhain siad le cinntí a rinne an tAire maidir le ceadúnas do bhric dhea-dhathacha agus ceadúnas le haghaidh oisrí an Aigéin Chiúin a bhronnadh ar iarratasóir amháin do gach ceann.

Rinne an Bord 5 chinneadh san iomlán i 2005. Ag eascairt as bronnadh 4 cheadúnas um dhobharshaothrú le coinníollacha athbhreithnithe. Bhain ceann amháin le bric dhea-dhathacha, ceann amháin le saothrú muiríní agus dhá cheann le hoisrí an Aigéin Chiúin. Níor rinneadh achomharc ar bith maidir le saothrú bradáin. Sheas an Bord le dhá achomharc freisin trí dhiúltú ceadúnas do bharshaothraithe a thabhairt le hoisrí a shaothrú.

IMEACHTAÍ AN BHOIRD I 2005

Le linn 2005, is é an t-achar iomlán a raibh ceadúnaithe ag an mBord le haghaidh muiríní ná 18.4 ha. An t-achar iomlán a raibh ceadúnaithe ag an mBord le haghaidh diúilicíní ná 0 ha. An t-achar iomlán a raibh ceadúnaithe ag an mBord le haghaidh oisrí an Aigéin Chiúin ná 8.4892 ha. An t-achar iomlán a raibh ceadúnaithe ag an mBord do bhric dhea-dhathacha ná 40 tona.

SONRAÍ AR ACHOMHAIRC A FUARTHAS AGUS NA gCINNTE A RINNEADH I 2005

Faoi *Ait 40(4)* den Acht lascaigh (Leasú), 1997, tá an rogha ag an mBord, agus cinneadh á dhéanamh maidir le hachomhairc:

- (i) Cinneadh an Aire ceadúnas a bhronnadh nó a dhiúltú a dheimhniú nó
- (ii) cinneadh agus eisiúint a dhéanamh ar a cheadúnas féin um dhobharshaothrú amhail is gur chuig an mBord a rinneadh an t-iarratas sa chéad áit.

San áit gur chinn an Bord gur mian leis na téarmaí nó na coinníollacha a athrú maidir le cinneadh ceadúnais a raibh bronnta ag an Aire, rinne sé é seo tríd a cheadúnas féin a eisiúint le coinníollacha agus téarmaí sa bhreis nó a raibh athraithe.

Ag teacht lena bhfuil thuas, cuimsíonn an t-eolas sna leathanaigh seo thíos -

- a) miondealú ar chinntí an Bhoird do na blianta 1999 go dtí 2005, an dá bhliain sin san áireamh;
- b) Léarscáil ag léiriú láithreacha na suíomh achomharctha agus achoimre eolais agus
- c) Tábla ag léiriú torthaí na gcinntí a rinne an Bord ar achomhairc i 2005 ag tógáil san áireamh ábhar an achomhairc, sonraí i dtaobh na nAchomharcóirí agus toradh agus dáta cinnte gach cinneadh achomhairc.


AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

MIONDEALÚ AR CHINNTÍ AN BHOIRD 1999 - 2005

BIAIN	ACHOMHAIRC A FUARTHAS	AIS - TARRAINGTHE	MEASTA NEAMHBHAILÍ	CINNTÍ AN BHOIRD	CEADÚNAIS DEONTA	CINNEADH AN AIRE DEIMHNITHE	ACHOMHAIRC TACAITHE
1999	88	0	2	25	16	7	0
2000	38	0	2	83	37	5	2
2001	76	30	1	38	14	1	1
2002	13	3	2	29	24	0	2
2003	7	0	0	16	2	1	6
2004	21	1	4	14	12	1	1
2005	17	0	0	5	4	0	2

CINNTÍ AN BHOIRD 2005

- BRIC DEA-DHATHACHA
- MUIRÍNÍ
- OISRÍ AN AIGÉIN CHIÚIN



CINNTÍ AR ACHOMHAIRC
I 2005

ÁBHAR AN ACHOMHAIRC	ACHOMHARCÓIRÍ	CINNEADH AN BHOIRD AGUS DÁTA
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha ceadúnas um dhobharshaothrú le Bric Dhea-dhathacha a shaothrú a BHRONNADH ar shuíomh amháin sa bhaile fearainn Ballyare, sa Bharúntacht de Chill Mhic Réanáin, Co. Dhún na nGall, tag. T12/68 do NIEL TRUELSEN , Ballyare Fish Farms Ltd, Ráth Mealtain, Co. Dhún na nGall.	NIEL TRUELSEN Ballyare Fish Farms Ltd, Ráth Mealtain, Co. Dhún na nGall.	BRONNADH CEADÚNAIS 1/2/2005
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Oisrí i Loch Súilí a BHRONNADH ar Shuíomh T12/317 do PATRICK SHOVELIN , Clondallon, Ráth Maoláin, Co Donegal	GRÚPA CAOMHNAITHE LOCH SÚILÍ Cruachan, Ráth Mealtain, Co. Dhún na nGall MRS HAZEL RUSSELL Creag Na Ron, Ray, Ráth Maoláin, Co. Dhún na nGall	DIÚLTÚ AR CHEADÚNAS 16/5/2005
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú Muiríní a BHRONNADH ar cheithre shuíomh i mBá Bheanntraí, uimh. tagartha an tsuímh T05/470 do THOMAS EDGEWORTH , 72 Reenrour East, Beanntraí, Co Chorcaí agus DANNY O’LEARY, JAMES O’LEARY AGUS JAMES COURCEY , Faoide, Beanntraí, Co. Chorcaí	BANTRY INSHORE FISHERMAN’S COOPERATIVE , Sr. an Mhargaidh, Beanntraí, Co. Chorcaí MARTIN McCARTHY Uimh. 6 Sr. Marino, Beanntraí, Co. Chorcaí FINBARR GOGGIN Sr. an Mhargaidh, Beanntraí, Co. Chorcaí KEITH FORD Reenany, Faoide, Beanntraí, Co. Chorcaí	BRONNADH CEADÚNAIS 28/6/2005

CINNTÍ AR ACHOMHAIRC
I 2005

ÁBHAR AN ACHOMHAIRC	ACHOMHARCÓIRÍ	CINNEADH AN BHOIRD AGUS DÁTA
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú oisrí an Aigéin Chiúin a BHRONNADH ar thrí shuíomh ar imeall an trá i gCuan Dhún na nGall, uimh. thagartha an tsuímh T12/350, do GEORGE & THOMAS McHUGH , Cranny Lower, Inbhear, Co. Dhún na nGall	RICHARD TIMONY , Ceann Cé, Mullinasole, Laghey, Co. Dhún na nGall CUMANN ÁITRITHEOIRÍ MULLINASOLE The Sandy Garden, Mullinasole, Laghey, Co. Dhún na nGall MARTIN & MARGARET QUINN The Salmon Inn, Cuan Cuan Mullinasole, Laghey, Co. Dhún na nGall SCÉIM FIONTAR BHAILE DHÚN NA nGALL T/A “The Waterbus Co” Harbour Office, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall	BRONNADH CEADÚNAIS 5/10/2005

CINNÍ AR ACHOMHAIRC I 2005

ÁBHAR AN ACHOMHAIRC	ACHOMHARCÓIRÍ	CINNEADH AN BHOIRD AGUS DÁTA
Cinneadh an Aire Stáit sa Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náúúrtha ceadúnas um dhobharshaothrú do shaothrú oisrí an Aigéin Chiúin trí úsáid a bhaint as málaí agus tristéil a BHRONNADH ar shuíomh amháin, tag. 347A ar imeall an trá i gCuan Dhún na nGall do SEABREEZE LTD , Tullyearl, Baile Dhún na nGall,	BRIAN O'DOWD , Saint Erwans House, Dún na nGall DONEGAL TOWN ENTERPRISE SCHEME t/a Donegal Bay Waterbus, Harbour Office, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall DONEGAL TOWN COMMUNITY CHAMBER , Oifigí an Chumainn Phobail, Sr. an Droichid, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall EAMON TIMONY Milltown House, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall GORETTI SWEENEY Balhill, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall MALACHY SWEENEY Ballhill, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall KENNETH RYAN Cumann Áitritheoirí Mullinasole The Sandy Garden, Mullinasole, Co. Dhún na nGall KATHLEEN O'DONNELL Cumann Áitritheoirí Mhucrois Mucros, Laghey, Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall	BRONNADH CEADÚNAIS 9/12/2005

AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2005



AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

CLÁR

	LCH.
Ráiteas i leith Freagrachtaí an Bhoird	43
Ráiteas maidir le Rialúcháin Inmheánacha Airgeadais	44
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	45
Ráiteas i leith Beartas Cuntasaíochta	47
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	48
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2005	49
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	50-51

RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD


Éilíonn Alt 37(1) den Acht lascaigh (Leasú), 1997 go gcoimeádfaidh an Bord na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i bhfeidhm.
- aon imeacht ábhartha as na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as cuntais chearta a choimeád a nochtann go réasúnta cruinn tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird trínar féidir a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAlt 37 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as a gcuid sócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh le calaois agus neamhri-altachtaí eile a chosc agus a bhrath.



CONLETH BRADLEY
CATHAOIRLEACH



BRENDAN BYRNE
RÚNAÍ


RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚCHÁIN INMHEÁNACHA AIRGEADAIS

Admhaíonn an Bord an fhreagracht atá air as córas rialúcháin airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Aithníonn sé freisin nach féidir le haon chóras rialúcháin airgeadais urrús absalóideach a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar earráidí ábhartha a chosc. Is mar seo a leanas na rialúcháin inmheánacha airgeadais a bhí i bhfeidhm ag an mBord le linn 2005:


- Tá Rúnaíocht an Bhoird eolach ar ghnáis rialúcháin airgeadais, gnáis sholáthair, fhéichiúnaithe agus chreidiúnaithe san áireamh.
- Scrúdaíonn agus údaraíonn an Rúnaí gach sonrasc sula n-íoctar as.
- Síníonn an Rúnaí gach seic agus ceanglaítear síniú breise ó bhall amháin eile den Bhord.
- Cuirtear ar aghaidh sonraí caiteachais chuig Aonad Airgeadais na Roinne go bliantúil.
- Tá gnólacht Cuntasóirí ceaptha ag an mBord leis na Ráitis Airgeadais a ullmhú don iniúchadh bliantúil ar ioncam agus caiteachas an Bhoird.
- Taobh amuigh de tháillí dlí agus de tháillí proifisiúnta, tá an chuid is mó de chaiteachas an Bhoird tabhaithe ag tuarastail foirne, luach saothair agus taisteal agus cothabháil bhaill an Bhoird. Íochann an Roinn Chumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha tuarastail baill foirne a bhfuil ar iasacht ón Roinn agus faigheann sí aisíoch ar an gcaiteachas seo ón Bhord. Tá cuideachta párolla seachtrach ceaptha ag an mBord le déileáil le luach saothair bhaill an Bhoird.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR NA RIALÚCHÁIN

- Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin airgeadais inmheánacha i leith 2005.



CONLETH BRADLEY
CATHAOIRLEACH



BRENDAN BYRNE
RÚNAÍ

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoin Acht lascaigh (Leasú), 1997.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

FREAGRACHTAI AN BHOIRD AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta lascaigh (Leasú), 1997 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhl beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil me agus rinne mé m’iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d’fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



GERARD SMYTH

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Samhain 2006

RÁITEAS I LEITH BEARTAS CUNTASAÍOCHTA

1. GINEARÁLTA

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Déileáileann an Bord le hAchomhairc in aghaidh cinneadh an Aire a bhaineann le ceadúnais do bharshaothraithe.

2. BONN CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi ghnás fabhruithe cuntasaíochta, ach amháin mar atá léirithe thíos, agus de réir cleachtas cuntasaíochta coitianta faoi réir an choinbhinsiúin chostais stairiúil. Glactar leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, faoi mar a thagann siad i ngníomh.

3. IONCAM

Is ar bhonn fáltais a aithnítear táillí Achomhairc sna Ráitis Airgeadais.

Is ar bhonn fáltais airgid a aithnítear Ioncam na nDeontas Oireachtais le linn na bliana ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, chomh maith leis na híocaíochtaí a rinne an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha le linn na bliana i leith fhoireann an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe a bhfuil ar iasacht.

4. CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach an ioncaim gan amúchadh a úsáidtear d’fheidhmeanna caipitil.

5. DÍMHEAS

Díscríobhtar costas nó luacháil sócmhainní seasta inlámhsithe, sócmhainní léasaithe san áireamh, i dtráth chodanna cothroma mar seo a leanas:

Trealamh Oifige	3 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	3 bliana

6. AOISLIÚNTAS

Tá beirt bhall foirne den Bhord ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus tá siad clúdaithe faoi scéim pinsean na Roinne. Níl aon scéim pinsean i bhfeidhm ag an mBord.


CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2005

	2005 €	2004 €
IONCAM	2,818	3,046
Táillí Achomhairc	247,358	263,000
Deontais Oireachtais	196	<u>1,420</u>
Aistrithe ó Chuntas Caipitil	250,372	267,466
CAITEACHAS		
Tuarastail	71,539	88,746
Táillí an Bhoird	40,820	39,024
Foilseacháin	1,294	814
Comhdhálacha agus Oideachas	1,128	5,365
Stáiseanóireacht agus soláthairtí Oifige	8,546	5,008
Glantóireacht	4,345	4,348
Deisiúcháin, cothabháil agus slándáil	6,749	9,606
Postas	1,997	2,726
Costas cháiréireachta	709	1,428
Fógraíocht	675	742
Teileafón	5,247	6,461
Taisteal agus costais	24,457	25,211
Éadach agus trealamh	-	225
Costais Tumadóireachta	314	3,062
Táillí Dí agus Proifisiúnta	113,395	259,394
Cuntasóireacht	2,554	5,683
Táillí Iniúchta	7,854	4,605
Táillí Bainc	439	232
Ilchostais	3,998	4,418
Dímheas	196	<u>1,665</u>
	296,256	<u>468,763</u>
EASNAMH DON BHLIAIN	(45,884)	(201,297)
Barrachas/ (easnamh) ag tús na bliana	(200,187)	<u>1,110</u>
EASNAMH AG DEIREADH NA BLIANA	(246,071)	<u>(200,187)</u>

Níl aon ghnóthachan ná caillteanas aitheanta, seachas na torthaí arna leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas i leith Beartas Cuntasaíochta agus na Nótaí ó 1 go 8.


CONLETH BRADLEY - CATHAOIRLEACH


BRENDAN BYRNE - RÚNAÍ


CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL

AN 31 NOLLAIG 2005

Sócmhainní in Úsáid	Nótaí	2005 €	2004 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA	6	81	<u>277</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe		1,382	1,065
Airgead sa bhanc agus ar láimh		74,107	<u>40,649</u>
		75,489	41,714
CREIDIÚNAITHE: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN	5	(321,560)	<u>(241,901)</u>
GLANDLITEANAIS REATHA		(246,071)	<u>(200,187)</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		(245,990)	<u>(199,910)</u>
ARNA nAIRGEADÚ AG			
CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ			
Cuntas Caipitil	7	81	277
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(246,071)	<u>(200,187)</u>
		(245,990)	<u>(199,910)</u>

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas i leith Beartas Cuntasaíochta agus na Nótaí ó 1 go 8.


CONLETH BRADLEY
CATHAOIRLEACH


BRENDAN BYRNE
RÚNAÍ

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2005

1. GINEARÁLTA

Déantar maoiniú ar an mBord trí dheontas Oireachtais ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha.

2. NOCHTADH LEASA

I ngnáthchúrsa gnó féadfaidh an Bord athbhreithniú a dhéanamh ar chás achomhairc ina bhfuil baill den Bhord fostaithe nó ina bhfuil leas acu ann. Ghlac an Bord le gnáis de réir Cóid Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Poiblí i ndáil le nochtadh leasa ag baill an Bhoird agus cloíadh leis na gnáis seo i rith na bliana.

3. CÁNACHAS

De réir Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 ní gá aon soláthar a dhéanamh do chánachas sna Ráitis Airgeadais.

4. ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

In Alt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, foráiltear le haghaidh iarratas d'athbhreithniú breithniúnach ar chinntí maidir le hachomhraic ar iarratais do cheadúnais. Cuireann an Bord na tarluithe sin san áireamh faoin gcleachtas cuntasáiochta a bhfuil inghlactha go ginearálta.

5. TÁILLÍ DLÍ AGUS PROIFISIÚNTA

Tá soláthar €309,192 (2004 €235,000) san áireamh san fhigiúr do Chreidiúnaithe i ndáil leis na cásanna athbhreithnithe breithiúnacha atá tar éis a bheith tógtha in aghaidh an Bhoird.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2005

6. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Trealamh Ríomhaireachta €	Trealamh Oifige €	Iomlán €
COSTAS			
Amhail an 1 Eanáir 2005	42,974	37,811	80,785
Amhail an 31 Nollaig 2005	42,974	37,811	80,785
DÍMHEAS			
Amhail an 1 Eanáir 2005	42,974	37,534	80,508
Táille don bhliain	-	196	196
Amhail an 31 Nollaig 2005	42,974	37,730	80,704
GLANLUACHANNA DE RÉIR NA LEABHAR			
Amhail an 31 Nollaig 2005	-	81	81
Amhail an 31 Nollaig 2004	-	277	277

7. CUNTAS CAIPITIL

	2005 €	2004 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2005	277	1,697
Aistriú ó/ go C(h)untas Ioncaim agus Caiteachais:		
- Cistí leithdháilte le sócmhainní seasta a fháil	-	245
- Amúchadh de réir dímheasa	(196)	(1,665)
	(196)	(1,420)
IARMHÉID AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2005	81	277

8. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 15/11/2006

NÓTAÍ